# Anonn 's Anall





Smúit ṫar an ngréin 's an drúcṫ a' sileaḋ,
'Nonn 's anall, 'nonn 's anall,
Ó ṫuaiḋ tá éanlaiṫ'n tsléiḃ' a' filleaḋ,
'Foluaṁain anonn 's anall.
'S gearr a stóir go n-éiriġ' an ġealaċ
A' sgallaḋ seoḋ ṫar fairrige's sliaḃ
Suaiṁneas ar doṁan a roġa 's a ṁúirnín,
'Luasgaḋ 'nonn 's anall.

A ċúilín óir a stóir mo ċroiḋe-se,
'Nonn 's anall, 'nonn 's anall,
Go stiúire Rí na Glóire síorraiḋe
Ṫusa anonn 's anall
Sláinte saoġail ort-sa gaċ oiḋċe,
Fáilte's céad roṁat-sa gaċ lá,
Cúṁdaċ Ṁic Dé 'gus séan ort coiḋċe
'Siuḃal anonn 's anall.

An Claisceadal—Duilleaċán 1 Pingin a ḟiaċa
Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

## SAḊḂ NÍ ṀUINĠILE




Máiġistir báid ṁóir go deo ní ġlacṫaiḋ mé
Mar nuair ṫagann s an cóir is iontaṁail naċ ḃfanann siad
Ó's a Ṡaḋḃ 'sa Ṡaḋḃ ní Ṁuinġile
Mo ċuid go deó deó tú gluais agus imṫi' liom.

Ní caiptín, ní máta, ní mairnéalaċ luinge mé
Tá posta níos fearr agam tá mé 'mo ḃuitiléir
Ó's a Ṡaḋḃ 'sa Ṡaḋḃ ní Ṁuinġile
Gléas tú féin suas go dtéiġ' tú go Gailli' liom.

Fear maiṫ 'un oibre mé's daiṁseoir cumasaċ
Fear sluasaḋ a's láiḋe mé ag ḋá ċeann an iomaire
Ó's a Ṡaḋḃ 'sa Ṡaḋḃ ní Ṁuinġile
Níl fear faoi ḃórd a b'ḟearra ná mise 'gat.

Ní ṫógtainn go deo tú mar 'dtéiġ' tú i dtriobalóid
Gunna mór ḟáil a's cead éalóḋ ar coiníní,


Sé n-iarrfainn de spré le Saḋḃ ní Ṁuinġile
Bail' Innse Gé a's cead rince 'r na coiníní,

Tá gúna breaġ nua ag Saḋḃ ní Ṁuinġile
Cóta beag donn gan ċabal gan ṁuinċille.

Nuair a ṫigeanns lá breáġ 'san ġaoṫ ó'n ḃfairrige
Ḃéarṫa mé Saḋḃ liom go Cé na Gailliṁe.

Má ḃris tú an Criostal i ngeall ar an mḃairéadaċ
Ḃris tú an ball is ḋá aḋḃar an iomarṫa.

Naċ é Liam Ṗáraic Ṫaiḋg an duine gan uraċóid
D'íosaḋ sé raiḋs agus greamanna muicḟeóla.




Tá cruit ar do ṁúirnín is ní ṫioca sé go lá.

Bíonn caipín bán ar amadán is púicín ar do ġrá.

A gcuala tú nó 'ḃfaca tú go ḃfuair an ċailleaċ bás.

Má ḟánn an ċailleaċ bás orainn cé ḃogtas an cliaḃán.

Do ḃogtainn le mo ċois é o'ḟonn an ċailleaċ ċur ċun báis.

Nuair ḃreaṫnuím ar Ċnoc Mourdán tagann meaḃrán in mo ċeann,

Tá mo ġrá ċó fada uaim le fataí Conndae a' Ċláir,

Ná leig do rún le bun a' ċlaiḋe go feasa tú 's a ḃárr,

Ná leig do rún le buaċaill ċiúin nó's fada ḃéas do ċáil.

Isteaċ i gcluais amaċ i gcluais a' leigean ċoṁrá 'lán.

Faisiún bíonns ag cailleaċaí ḃeit 'coinneáil fir ó ṁná,

Tá mac ag Paidín Píobaire in Íoċtar Ċonndae a' Ċláir.


I wouldn't spoil my family tree with Connolly's at all.

Up an' down the market town an' into Johnny Ward's.



Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

## Taoḃ ṫall de'n Ġóilín 2





Ar an dtaoḃ ṫall de'n Ġóilín
Tráṫnóinín a' siuḃal dom
Ag éisteaċt le smóilín
An ċeóil binn cois srúill dom
Seaḋ ḋearcas-sa Nóirín
I mbóiṫrín deas crainn-ġluis
'S mara liomsa mo stóirín
Is deórai tar tuinn mé

Oċón ó!

Ar an dtaoḃ ṫall de'n Ġóilín
Seaḋ ċómhnuím lem ġráḋ 'nois
Ċó teaspúil le dreóilín
Mo ġnó ġním cois trág' 'nois
Tá triúr cloinn' ag Nóirín
Cáit, Eoġainín is Bríġde
Is ón dtaoḃ ṫall den Ġóilín
Ní seólṫad tar taoide

Go deó deó!




Do ṗreabas am' ṡuiḋe go h-uṁal sa' riṫ,
Is níor ḟanas le puinn 'dem' ċlúdaċ cnis,
A' tairteal na dtíorṫa 's ise lem' ṫaoiḃ,
Gur ṡroiseamair Píc' a' tsúġarta.
Ní ḟeaca-sa fíon ná lionn sa tiġ,
Ná leaba go luiġṫeaḋ triúr innti,
Aċ seanaḃros tuiġe fé ṡeana-ċuilt buiḋe,
Is an-iomorc' míolt' a' siúl uirṫi.

Mar ar ċodail mé 'réir ḃí clampar ann,
Ḃí laċain is géanna is gandail ann,
Ḃí an ḃáirdeaċ ḃuiḋe trí ṁullaċ a' tiġe,
Is níor ċodail mé néal ag na dreancaidí
An' hi for Tommy the daisy O
Polished his boots so neatly O
With his three-cocked hat and his double bow-knot
And his fiddle for coaxing the Ladies O.

---


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól





Ní ḃfaġaḋ aon loċt orm Síle, maraḋ a ropaire
  críona ṁam,
Ní toileóċ sí 'ló ḋí ná 'oiḋċe mise do toġ' mar
  ḟear,
Deir sí go n-óltainn a dtuillṫinn, 's ná déantainn
  ḋí tiġeas ná slaċt,
Gur gaige fuar dealḃ díoṁaoin mé, ná déantaḋ
  cúram de ċloinn ná 'ḃean.

Tá máṫair gan taise 'ge Síle, 's ní ḃraiṫeann sí
  'croiḋe dá ṡlad,
Mar tá sparán mór faḋ' aici líonta 's í lorg
  talaṁ gan ċíos le fear,
Ba ċuma léi óg é nó críona, ba ċuma léi buiḋe
  é nó breac,
Ba ċuma léi cam é nó díreaċ, aċ go mbeaḋ
  aige caoire 's ba.


Tá mo ṁaraga socair le Síle 's ní ḃristeaḋ é
  Éire 'r faḋ,
Gan baoċas do ṁáṫair ná do ṁuinntir raġ' sé
  ċun cinn gan stad,
Pósam sa ċaṫair sa ṁí seo 's déanam an
  sagart a ḋíol go maiṫ,
'S ní dóiċe ḋúinn fuireaċ sa tír seo ná ḃeiṫ
  a' racaireaċt síos amaċ.

# Lúibín ó Lúṫ, Bí Lúṫ a's Bí Láidir 4




'S maiṫ d'aiṫneó'inn mo stóirín ar bóiṫrín na ceárdċan
Tá mo ġrá fearúil mar siúlann sé Scrábaċ
Fear fada fuar follaṁ an giolla 'tá 'ndán duit
Is ioma fear fada ḃíonns lag in a láṁa
Tá teaċ ag mo ḃuaċaill taoḃ ṫuas de Ḋoir' Árda
Má tá mo ġrá follaṁ níl tada le rá leis
Grá mo ċroí, laoġ mo ċroí, fear a ḃfuil Seán air
Cé ḋeargas go cluais nuair a luaiḋtear an táilliúr
Ġaḃtainn le tinncéar 's ní ġaḃtainn le táilliúr
Naċ ioma sin lúibín a duḃairt mé le ráiṫe
Lúibín a' ċiotail is lúibín a' tsáspain
Seo sláinte 'n luċt ceoil, is nár laga Dia a láṁa
Ar suiḋ'ċán ar gcúl ḃíos na buaċaillí dána
Tá tuille le rá aċ gur fánaċ ḃeiṫ tráċt air
Is dóiċe gur leór sin don iarraiḋ seo, a ċáirde.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Ó, éisc liom a ċumainn 's a ḋianġrá,
Go neósa mé eaċtra na hóġṁná,
Go mbíonn bainne seaċt seaċtaine 'r soiṫeaċ
na puí 'ci,
'S na Franncaiġ in 'íoċtar á rópáil,
'S na Franncaiġ in 'íoċtar á róspáil.

Do ṫáinig de ṫaiḃḃreaṁ am ċeann lá
Rud a ċaiṫead-sa ḋéanaṁ in am tráċ
Óġḃruinneall ġléiġeal do ġlacaḋ mar ċéile
Cé ná fuilim i ngéarḃruid i gcall mná,
Cé ná fuilim i ngéarḃruid i gcall mná.

Fan fada 's bí foiḋneaċ a Riagáin
Ná tabair-se léim ċaoraċ i nduiḃeagán
Toiġ-se bean éigin dod' ċine ceart féinig
A scapṫaḋ an t-aonaċ in am gáiḋ,
A scapṫaḋ an t-aonaċ in am gáiḋ.




Ḃí seanḃean sa teinnteán is bannlaṁ de píp aici,
Tobac ar an úrlár 'na ṡúgán mar ṡuíḋste 'ci.

Go baile Ċionn tSáile ċua Máirtín a' píobaireaċt
Ḃailiġ bean agus fiċe ar mire 'na timpal ann.


Ḃí Mallaí fé uaigneas is ċua sí ġá ṫóruíoċt
Fuair báḋóir sa gcuan agus ualaċ maiṫ móna 'ge.

Lean Mallaí sa mbáḋ é, is a máṫair á tionnlacan
Ba gairid na ḋeáiḋ go raiḃ Máirtín ar crúca 'cu.

Tá úcaire mór seang cois Bannḋan is cúram air
Beirt ḃan sa teinnteán is cliaḃán sa gclúiḋ aige.

[Ó Ṁáire Ní Ċuill ⁊ Peadar Ó h-Annraċáin]

Gléas A





Téir 'un a ṁargaḋ 'Ṗáidín Uí Raifearta,
Ní ḟéadfainn é, tá iosgadaí lag' agam,
Ṫáinig an aois is níor ṫáinig aon ḟaid ionnam,
Aċ mar sin féin féaċ go raiḃ bréagaḋ na mban ionnam.

Forú! Prú! ⁊rl.

Port agus port agus port a ṁúin Síle dom
Port agus port agus port a ṁúin Síle dom
Port agus port agus port a ṁúin Síle dom
Poirtín ná fuil 's ná beiḋ ag a' bpíobaire.

Forú! Prú! ⁊rl.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Sa ḃfaca mé ḋe iongantas ann ní ḟéadtainnse a rá,
Is connaic mé fear fada ceannaċ fataí ó ḟear gearr.

Ṫiar i n-Uṁall Uí Ṁáille 'r cuan tá báidín ag mo ġrá,
'Smara dtig liom dul a seóltóireaċt, ní raċa mé sa tsnáṁ.


Meireaċ an leat-ċos deas aige a ḃeit beagáinín geárr,
Is deas an máistir daṁsa ḋéantaḋ Seán Ó Súilleaḃáin.

Soir atá mo ṫriall-sa agus siar atá mo ġrá,
A's tá grá ag Seán Ó Dálaiġ dom aċ tá náire air é rá.

Taoḃ ṫall de'n aḃainn a lorg na ngabar atá mo ṁíle grá,
'S i mboṫán fóḋ san nGoirtín Mór a ċoḋló' sé go sáṁ.

I gCaiseal Muṁan ar boarding school atá mo ṁíle grá,
Aċt ní raċa mé ar cuairt aici ó d'éiri' sí ċoṁ h-árd.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Is míne a cneas ná cluṁaċ mín geal
'S ná cuḃar na tuinne 'r tráiġ,
An ċraoiḃín geal nár ċríon 's nár ṁeat
go dtigeann uirṫi bláṫ,
Go dtéiḋ mé i bfeart tá m'intinn leat,
a Ṗeigí ṁíle grá.
Mo léan 's mo ċreaċ gan mé 's tú seal,
ar cóstaí Ṁeiriceá.

A stóir mo ċroí ná tréig do ṁian
aċ breaṫnuí' 'steaċ sa' gcás
Nuair ṫiocas an tsliġe beiḋ ól ar fíon
's ní baoġal dúinn ċoiċe bás,
A ḃláṫ na gcraoḃ, naċ boċt an sgéal,
maran domsa tá tú i ndán
'S ar uaisle a' tsaoġail, dá mbéinn 'mo rí
gur leatsa ċraiṫtinn láṁ.

Tá lonnraḋ 'n óir i gcúl mo stóir
's é fiġte fáinneaċ buiḋe
Go béal a bróg coṁ glas le deóir
's é fás ar uain a cinn,
A ḃláṫ na n-uḃall is breáġṫa snua
ná duilleaḃar bárr na gcrann,
Fáiġ féiḋ Dé Luain go dtéiḋeam 'un siuḃail
is féaċ go bfuil sé 'n am.




Luinneóg: (leis a' gcéad leaṫ de'n ċeól)

Foraer a neaintín, neaintín, neaintín,
F'raer a neaintín, néró,
Foraer a neaintín, neaintín, neaintín,
F'raer a neaintín, néró.


Taḃair leat mairt, is bíoḋ dá leagaḋ
Búistéaraí na tíre,
A ḋéantar feannaḋ, go luaṫ tapa,
'S a ṁaró's sgata ċaorаċ,
Fiaḋ mór beannaċ, broc a' ġleanna,
Sin 's an eilit ṁaol leat,
Uan is luḃán, gaḃar 's mionnán,
Ní cosdas gaċ a ḃfuiġ' tú,

Faiġ fear gunna 's cuir amaċ é
A ṁaró's dúinne éanlaiṫ,
Naosg is feadóg, mias ṁaiṫ druideóg
Creaḃ-ar caoċ is céirseaċ,

[Tuille ar a ċúl seo]



Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Luinneóg:

Cuaċ inḋiú' sa cuaċ amáireaċ
'S cuaċ mo lonḋuḃ buiḋe
'S cuaċ a ḃeaḋ aċan lá go ceann ráiṫe
'S óró gráḋ mo ċroí.

Ċuirṫinn-s' ort-sa cónair airgid
'S ċóireó'inn ṫusa mar ċóireóḟaí fear uasal.

Luiġ mise siar 'gus fuair mé bás
Cuireaḋ fear na coille fá ċoinne an áḋmaid.

Ċuaiḋ fear na coille fá ċoinne áḋmaid
Trí ṁaide cuilinn is dá ṁaide feárna.

---

[Ar lean. ó'n dtaoḃ eile]

Pataraí uisge caiṫfimíd fáil
'S iad a sgioṁaráil ós cionn cláir
Mar bíd siad sannṫaċ ag a' dream san
San am a mbíonn siad gléasta.

Téiḋir go sgiurra, síos go Sligeaċ,
Is taḃair Ó Conċuḃair tréan leat,
Ó Flaiṫeart' Ó Máill' Ó Briain 's Ó Dál'
Ó Cearḃallán 's Ó Néill leat,
Fiaċ Mac Donnaċa, Tiġearna a' Ċláir,
Ó Ruairc aníos ar Bréifne,
Sin 's Ó hEáġra, Mac Suibne Fánaid
Is Clann Donnaċa na Céise.




Ċonnaic mé 'n ainnir 'na seasaṁ go díreaċ,
Ḃagair sí méar orm 's ċua' mé go dtí í,
Ṫug sí léi 'steaċ mé 'gus ṫug sí mug dige dom,
Nuair a fuair sí ar meisge mé ġoid sí gaċ pigin
uaim,

Trí ġarraiḋe dearga ġlanas a' cóṁgar
A' teiċe ó gaċ ainnir a ṫagaḋ am' ṫreó-sa,
Riṫeas ó'n gCarraig 's níor ḃeag é mar iongna
'S ná raġainnse ṫar n-ais ann dá dtugtí céad
púnt dom.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól





Gearánaim le fáiḋí na mbailt' í
Ó ráinig lem' teangain ḃeiṫ méirscreaċ
An bláṫ'ċ age cránta na mbanaḋ
Agus scála 'g an gcaillig 'á taoscaḋ.
San tally hi ho ⁊rl.

*Eiġreó'd go deaġṁoċ ar maidin
Is béarṫad mo ṗaca breá gaḋar liom,
*Cuardóimíd uaċtar a' ġleanna
'Gus fiaċtaimíd Cailleaċ na Gaible.
San tally hi ho ⁊rl.

Ar an nGaiḃil tá 'n deiġḃean mar ṁeasaim
An staidce de ċaile gan daonnaċt,
Dar go deiṁin dá dtéigt sí sna Flaitis
Do ḋeiġilteaḋ na h-aingil ó ċéile.
San tally hi ho 7rl.

*Ar a' gcéad siolla tá an béim




Óró, ċumainn ġil, 's íoró ġile ġil,
Cé h-í 'n óigḃean a pósfar an Inid seo?
Óró, ċumainn ġil, a ruain 's a ġrá.

Máir' ní Éaluiġ do réir mar ċluinim-se.

Cé h-é an t-óigḟear a ġeóḃas an ḃruinneal so?

Seán Ó Gliasáin ó Iartar Luimní.

Cé'n ċóir pósta a ġeóḃas an lánaṁa?

Capall céaċta 'gus capall diallaide.

Péire cuilteanna 'gus péire pluideanna.

Airigead is ór i bpóca gaċ duine 'ca.

'S an cuid is mó de i bpóca na ḃruinnile.

Fíonta 'gus beóir le n-ól as gloine 'ca.

Sliоċt ar a sliоċt is ar sliоċt a sleaċta 'ca.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Do casaḋ mé 'n uaigneas ċnuic uaisle mná siḋe
Nó go ḃfeacas uaim suas í ar ṁór-ċnoc 'na suiḋe,
Ba crotánaċ tiuġ dualaċ a cuaċa léi síos
Ar gaċ taoḃ dá guailliḃ á luasgaḋ 'g an ngaoiṫ.

Cá tuaṫ nó cá h-áit duit nó 'n i gClár Luirc do ḃír,
Más ar buairt duit suiḋ láiṁ liom 's cuir slán fé gaċ buiḋean,
An tú maiġdean na mbán-ġlac ṫug grá ceart do Naois
Nó 'n stuaire ṁilis ṁánla sgiob Páras don Traoi.

Ó ní héinne mé ar ao' ċor den ṁéid sin d'áirṁís
Aċ cailín ciúin Gaeḋlaċ ó'n dtaoḃ eile 'n tír
Sé duḃairt sí liom " fág mé ! ní h-áḋbar duit sinn "
Agus uaim-se gur léim sí mar éan ar a' gcraoiḃ.




Ḃí mé lá 'r a 'gcoill
Agus ṫárla ḋom soillse bradóige
Ḋéanṫat sí an marḃán beó
Nó réice bua'ill óg de ṡeanduine.


Dá bfeicṫeá-sa 'n t-ógánaċ óg
Ar bórd na luinge 's a' seasa' air
'Ógánaiġ seo duit mo lám̀
Is mise Mal Ḃán Ní Ċuilionáin.

'Á mbeinn-se in eipir a' ḃáis
Is daoine ġá ráḋ nać dtiocainn as
Ċa ndéanainn mo ṫiomna go bráċ
Go dtiocaḋ Mal Ḃán Ní Ċuilionáin.

Déana mé toiġ ar an áird
Is beiḋ ceiṫre ba bainne breaca 'gam
Ċa leigim aon duine ġá mbleágan
Aċ Mallaí deas óg Ní Ċuilionáin.

Whisky ó roudlesum rou
Whisky ó roudleum ċailleaċaí
Puisío roudlesum roudlesum
Bainne na ngaḃar is é mallaḃog.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




'Sí 'n Réilṫean Leanabaċ do ġráḋas ar dtúis
'S is fíor go dtugas taiṫneaṁ di tar ṁnáiḃ na Muṁan
Dá mbeinn-se marḃ is an bás im' ċionn
'S a rún ná tréig mé aċ éaluiġ liúm.
Ná leig-se ċun fáin mé mar ċáċ ar siúl
'S gur b'aoiḃinn an lá ḃeinn sealaḋ agus tú
A rós gan dearamaḋ beir sgéala cruinn a ḃaile uaim
Go n-éaló'iḋ an cailín deas ṫar sáile liúm.

'S tá folt trom triopallaċ a' fás go féar
Ó ḃárr a baṫais go sálaiḃ léi
A píob mar a' sneaċta ar ḃárr an ḟéir
Agus sgáil 'na leacain mar ḃláṫ na gcraoḃ.
'Sí ba ḋeise dá ḃfeaca-sa fós
A súil ba ġlaine ná 'n drúċt ar feór
A béal ba ḃinne ná 'n ċuaċ 'sná 'n druiḋe
'S ná éanlaiṫ na cruinne 's iad a' síor-ṡeinm ceóil.

[Ó Ṁaiġréad Ní Ḃeaglaoiċ]




Ḃí mise maidin Ṁárta góil trí na portaiṫe,
Is casaḋ cailín óg orm 's a bróga 'na h-uċt aici

Ḃí mé lá aeraċ ar aonaċ na Carr' 'smé 'g ól,
Ṫug mé gean éigin d'inġin a' ḃodaiġ ṁóir


Leig mé codlaḋ bréig' orm le dúil is go ḃfuínn a póg,
D'éiri' mé go h-éasga' nuair buaileaḋ buille faoi mo ṡrón

Tig meas ar na crainntiḃ beiḋ sméara 's sug-craoḃ ar lár,
Siúd mar ċongnaṁ beaṫa duit a Ċaṫail ḃig Ui Ḋuigeanáin

A Ċúige Connaċta is fada liom siar tú
Agus b'ḟearr liom ná m'ḟallaing naċ ḃfeicṫinn ariaṁ tú

Siúd ort is diúg ort is naoi gcéad míle fáilte
Dá mbeaḋ lionn agam a rún is mise d'ólṫaḋ do ṡláinte-se


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Tá na báid go doiṁin sa ḃfarraige
Iasc ar snáṁ is líonta tarraicṫe
Tonnta árda 's gaoṫ is anaiṫe.
Slán aḃaile go dtaga na fir (taréis gaċ ḃéarsa)

Tá na báid go doiṁin sa ḃfarraige,
Tonnta árda, fuaċt is feartainn ann,
Trí bradáin i gcoṁair a' ṁangaire

Tá Séamus Ċáit is crúba gleamaiġ air
A' taosgaḋ 'n ḃáid, 'sé liúġann go taiṫneaṁaċ,
Íḃ mo ṡláinte 'gCúirt na gCaraḃat!


Ar ṫeaċt na Márta, slán má mairimíd,
Geoḃ'míd táinte breaġṫa, dearga,
Éisc ó Ṗádraig Naoṁṫa Ḃeannuiṫe

Guidim-se 'n t-áḋ 'na ċruaċa daingine,
'Nuas ar ċáċ a ṫéiġeann ċun farraige,
Líonta lán go bruaċ is raṫ orṫa

(Luinneóg deiriḋ)


Íḃ mo ṡláinte 'gCúirt na gCaraḃat!
Slán aḃaile go dtaga na fir,
Íḃ mo ṡláinte 'gCúirt na Seana-Ḃeast,
Slán aḃaile go dtaga na fir

(Ó Ṁíċeál Ó Foġluḋa, Árd Mór na nDéise)




'S a stóirín ná bíoḋ brón ort
  Sin ná briseaḋ croí
'S ná déanaḋ aon ċeó imní ḋuit
  Aċ aer is spóirt a' tsaoġail
Dá mba liom-sa 'ḃfuil ḋen ór buí
  I gcófraí geal' a' rí
Is ḋuit-se, 'stór, a ḃéarṫainn é
  'S tú mo ċailín fearúil fionn

'Sé mo léan gan mise 'm' éinín
  Agus clú'ċ orm de ċuile ḋaṫ
Do ṡiúlṫainn trí na réigiúin
  A' cur tuairisg' mo ċailín deas
Mar is deis' í 'rís ná Ḃénus
  'S ná 'ḃfuil ḋe ṁrá faoi'n saoġal
Is férbrí céard déaras mo ṁáiṫrín liom
  Is léiṫe pósfaior mé.




Ambasa, a rúin, is fiú ḋom stad,
Mar do ġlacas-sa dúil ad' ċúl ḃuí ċas,
Mara dtaga tú liúm-sa, a ṗlúr na mban,
Raċad san úir 'det' ċúṁa gan stad.

A ḋuine gan ċéill, cad é sin uait?
Le fearaiḃ a' tsaoġail táim réiḋ go luan
Óir ceangaluíoḋ mé le réic gan ġruaim
'S ní ḟeadar an tsaoġal cá'r éaluiġ uaim.

Druid liom anall, a ċúilḟionn óg,
Tiormuiġ do ṡúil agus taḃair dom póg
Mar gur ceangaluíoḋ liúm tú 'gus tú bog óg
Is ṫar mnáiḃ na Muṁan is tú mo stór.

Dé ḃeaṫa-sa at' ṡláinte, a ṡáir-ḟir óig,
Cuirim go hárd céad fáilte róṁat
Seo mo ḋá láiṁ duit le grád 's le póig
Agus fanṫad-sa go lá go sást' ad' ċóṁair.



Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Is fuide liom go Dóṁnaċ ná 'ḃfaca mé
le bliain,
Is fuide liom go Dóṁnaċ ná 'ḃfaca mise
ariaṁ,
Go mbí mé féin 's mo ġrá geal a'
góil na móinte siar,
Ag ísliú ar ár nglúna ag Sagairtín Ó Briain.

Céad fáilte roiṁ an Ḟéil' Brigde
sé tugann an misneaċ dúinn,
Céad fáilte roiṁ an Ḟéil' Pádraic
is roiṁ Ṗilibín na gCuaċ,
Céad fáilte roiṁ an Ḃealtaine
mar bíonn sí suíṁneaċ suairc,
'S míle fáilte roiṁ mo ġrá geal
tráṫ' dtagann sé 'un cuaird.



Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




B'ḟeárr liom í ná bó 's ná bearaċ,
'S ná 'bḟuil de loingeas a' teaċt ċun cuain,
Ḃí sí mar ġaṫ gréine 'dul in éadan gloine,
Ḃí sgéiṁ mná na ḟinne 'r mo ċailín rua.

Ṫug mé liom ó ḃaile go bail' í
Fríd Ḃleácliaṫ ċun na ngeaftaí crua
Ċan ḟuil aon ṁíle ó d'ḟág mé 'n baile
Naċ dtug mé deoċ leanna do mo ċailín rua.

Ḃí cionn gruaige léi síos go talaṁ
Is bárr ar a' ḃḟinne go dtug sí buaḋ
Ba ṁéanar don ḟear óg a ġeóḃaḋ le meall' í
Roġa na gcailín mo ċailín rua.




Canaṫaoḃ, a ṡeanaḃean ná h-óltá liúnn ? (3)
Mar d'ólas gloine ċeana is níor réiḋiġ sé liúm.

A ṡeanaḃean, a ṡeanaḃean, a rinncṫeá jig (3)
Ní rinncṫeaḋ, arsan tseanaḃean tá cos liom tin'.


A ṡaiġdiúir, a ṡaiġdiúir a bpóstá bean ? (3)
Le heigh nó le hó nó le bualaḋ an drum ?

A ṡaiġdiúir, a ṡaiġdiúir, a bpóstá bean ? (3)
Do ṗóstainn, arsan saiġdiúr, aċ go ngeóḃat
sí liom.

A Ṁicilín, a Ṁicilín, an íostá gaḃar (3)
Muise d'íostainn, arsa Micil, aċ go mbeat sé
reaṁar.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

*Allegro*





Ní ḃfuaireas-sa sgian ná forc ċun a tóġta,
Aċ sgian a ḃí briste 'gus forc a ḃí leóinte,
Do liúiġ sí 'gus ḃéic gur stracas a cóta,
Is ṫug sí clabta treasna na srón' dom

D'ḟágas-sa ṫíos í go raiḃ sí dóiġte,
'S ḋeineas-sa féin mo ṁéaranna ḋóġ' léi
Ṫáiniġ an gruagaċ uaiḃreaċ cróḋa
Is ṫóg sé aníos as coire na feól' í

D'ḟiarṫa sé ḋíom an inġean dom an óiġḃean
Duḃart-sa nárḃ' eaḋ aċ mo ṫriú beanṗósta
Gaiḃ-se 'n bealaċ is geóḃaḋ-sa 'n bóṫar
Is piacu 'gainn leanas sí bíoḋ sí go deó 'ge


Ċuas-sa 'n bealaċ 's ċuaiḋ seisean an bóṫar
Is lean sí 'n gruagaċ ó's aige ḃí an óige
Do ṡuiḋeas ar bloicín is ġoileas mo ḋóṫain
Do ṡileas-sa deóra go h-árd a' tráṫnóna




'Sa ḃfaca tú Máire 'sa cúl leis a' sruṫ
'S í 'fanaċt go dána leis a' Rógaire Duḃ
Ḃata 'na láiṁ aici 'gceart-lár na sráide
'Sí 'caiṫeaṁ a' ċlábair leis a' Rógaire Duḃ.

'S a Ṁáire 's a Ṁáire 's a Ṁáire 'n ċinn duiḃ
'S a Ṁáire 's a Ṁáire 's a Ṁáire 'n ċinn duiḃ
A Ṁáire 's a Ṁáire 's a Ṁáire 's a Ṁáire
'S nár éir' aċ a' t-áḋ leat a Ṁáire 'n ċinn duiḃ.


Tá mo stocaí 's mo ḃróga ag Máire 'n ċinn duiḃ
Mo ċiarsúr breáġ póca le bliain 's a' lá indiu
Táim-se tinn breóite 'gus nílim ar fóġnaṁ
Ó casaḋ sa ród orm Máire 'n Ċinn Duiḃ.




[ar an tarna cuid den ċeól]

Ní raiḃ baile sa ṗ'róisde gan ċailín deas
Ḃí ceaṫrar i mbaile nó ḋó 'cu
D'ḟuruisde ceann maiṫ a ḋ'ḟáil eatorra
Aċ gur ċeapas go raḃdar comónta
Is ní ṡásóċ sé m'éirim gaḃáil leó
—San olagol a gol a golagón.



Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




A stáid-ḃean ċáid do ṡlad sinn,
Táim dod' ġrá go lag-ḃríġeaċ
Leiġeas beag dáil dom' aicíd
Nó béad go bráċ i mbrón
Dá dtiġir go tiġeas na gceannaí
Do ġeóḃtá brannḋaí 's beóir
Diúgaḋ lionnta 's ar ṫeadaiḃ
Tiúin de'n "Smaċtín Crón."

Cia tu féin, a staruí?
Is fear mé ṡeinnteaḋ ceól,
Is níl aon port dom' ealaḋain
Is feárr ná 'n "Smaċtín Crón."


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




(Agus) Siar ċun Caisil ċuir m' aṫair mé d'iarra mná
'S ar ṫeaċt dom aḃaile do casaḋ an fiaḋ féin' bráid
Do ṫuiteas dem' capall is briseaḋ dá dtrian dem' ċná'
Agus Dia mór lem' anam mar ċailleas mo ċiall le mná.

(Agus) Ṫíos i gCill Ċoinne tá 'n finne-ḃean áluinn óg
Ċaoin-tais ṁilis 's a leaca mar ḃláṫ na rós.
Tá fear agus fiċe a' tuitim i ngrá lem' stór
Is naċ mé 'n truaġ Ṁuire má ḃíonn sí 'g a' táilliúir róṁam.

Ní ċun móna do ġearraḋ do ceapaḋ mé i dtúis mo ṡaoġail
Aċ ól agus imirt is cuideaċta ċiúnḃan tséiṁ.
Má caillitear mis' i lúiḃ ċoille nó 'ngleanntán sléiḃ'
Ḃeiḋ cailíní 'n ḃaile seo sile na súl am' ḋéiḋ.

# An Lá Sin a d'Ḟág Mise Sráid a' Ċloċáin Léiṫ





Ar maidin 'dteaċ na nGárdaí i ngearr do Ḃealaċ
Féiḋ
Tainic Pártlon Ó Baoiġill agus tug sé dom tréat,
Tainic an ċaoin-ḃean uasal mar ḃí mé liom féin,
Tainic sí arís indé ċugam is ṗóġ sí mo ḃéal.

Innis i gcois íseal do Niall Ḋoimnic Ṁóir,
Go bfuil mé gaibte i bpríosún fá ḃuaraiġ na bó,
Innis do na cailíní a d'ḟág mé faoi ḃrón,
Go mbeiḋ mise sa ḃaile acu Féil Ṗádraic ag ól.

[Aṁrán é seo a rinne Árannaċ gur cuireaḋ príosún air faoi rópa a ġoid sé as bád mór i n-Alt a' Ċorráin. Leigeann sé air san aṁrán naċ raiḃ ann aċ buaraċ bó.]


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól





Dá bfáinn-se cailín dear críonna glic,
I ngan-fios dá meaimí 'san oiḋċe beiṫ 'sioc,
Gan buiḋ'ċas don ċailliġ do ḃeinn-se
  istí',
'Mo ḟuiḋe cois na teine go sásta.

Is truaġ gan mise 'gus stór mo ċroí
'Doir dá ḃaraille lán le diġe,
Gan aoinne am' aic' aċ mo ṗáirtín fionn,
Is dóiġ ġéar go n-óltainn a sláinte.

Tall san eanaċ gur ċuala mé 'n gleó,
Cailín beag dear agus buaċaillín óg,
Ḃí sé 'á ḃréagaḋ le briaṫra ceóil
'S a meaimí a' gol is a' gáirí.

Is óró ḃuaċaillín seól do ḃó,
Seól agus seól agus seól go beó,
Óró ḃuaċaillín seól do ḃó,
'Gus cuir ar an aonaċ is fearr í.*


* *Aliter*, cuir ar a' gcnocán, ar an iomaire, ar a' gcuimín, ar a' leuna, is fearr í.




Ní mná Ṫuaṫ na Droman ná bean Áṫ an Teampuill
Ná fós bean Ṁáġa Cromṫa tá t'réis mo ċroí ċráḋ
Bean Ċille Muire ná Droiċid na Bannḋan
Ná mná 'n Ḃaile Ġallda, cé gur mór iad le ráḋ
Bean Ṡráid a' Ṁuilinn ná bean Ġleanna Láine,
Bean Ḃéal a' Ṁáma ná Ṁuisire 'n ċeó
Bean Aċaḋ Bolg ná bean Ḃarra Ċárṫainn
Aċ bean tá in áit ná 'neósad go fóill.

[Tuille ar a ċúl so]


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




'Sa nGaorṫa ṫuit ⁊rl.

Dá dtagṫá féin le h-aontoil liom,
'S an ċléir a ċuirteaḋ snaiḋm orainn,
Ḋiún áit sa tsaoġal naċ mbréagṫainn tú
'S níor ḃaoġal duit glór do ṁuinntir-e.

'Sa nGaorṫa ṫuit ⁊rl.


---

[Ar lean. ó'n dtaoḃ eile]

Ar mo ġaḃáil tríd an mbaile go nglaoḋann siad Gleann Cam air
Go moċ maidean Doṁnaiġ 's mé súgaċ go leór,
Seaḋ ḋearcas an ainnir gur ċailleas mo ṁeaḃair léi
Go soineanta moḋail deas im' ċoinniḃ sa ród
Do ḋruideas 'na coinniḃ is ċuireas ċun laḃairt léi
Is ċeapas gan daḃt suiḋe 'na foċair go fóill
A rún ġil 'sa ċumann ó druid anso 'nall liom
Is taḃ-air gan ċlampar dom cúp-(a)-la póg.

Do ḟreagair mé an ainnir go fearagaċ naṁaḋṁar
A ḋuine, naċ togail taoi a' druiḋim im' ṫreó
Ná tair im' ġoire cé gur deacair liom laḃairt leat
Le duine dot' ṡaṁail ḃíonn a' teagasg na n-óg
Ná fuil 'ḟios agat-sa gur mór tá i dteannta
In Ifireann fann lag de ḋeasgaiḃ ban óg
'S dá éagmuis, go ndeir siad gur díoṁaoin do ḋream-sa
'S ná taḃartá aon ċaḃair dom ċun grafta ná róṁair.

—Croċúr Máiġistir Ríoġḃarḋáin





Beiḋ muid a' siúl go dtí maidin,
'S as sin go dtí uair a' ṁeán-ló,
Nó go gcastar isteaċ insa teaċ sinn
Buil cailín deas crúiḋte na mbó.

Éiri' 'do ṡuiḋe, 'ḃean a' leanna,
'S ná fan le do ċaipín a réiḋ',
Go dtuga tú ċugainn uisge beaṫa,
Nó muga ded' ċuid leanna féin.

Beiḋmuid ag ól go dtí maidin
Go n-ólamuid sláinte nó dó,
Nó go gcastar isteaċ insa teaċ sinn,
Buil cailín deas crúiḋte na mbó.

'S truaġ mé an taoiḃ seo na mara
Im' ḋeóraiḋe gan dóċas, gan ḃriġ,
Gan ċasúr, gan ṁeana, gan ġuaireaċ,
Gan ṗinsiúr, gan leacglún, gan scín.



Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Bíonn báṫlaiġ le cinnteaċt
'Faġáil cámuis ar ṡaoiṫiḃ
'Dtiġ tábairne do ṡuiḋteaḋ
Le h-inntinn ag ól,
Is tláṫ beiḋ an buiḋean úd
'S is fánaċ a gcríċe
Is sgaipṫiḋ na mílte
Go cruinn a gcuid stóir,

Is bímis ag ól,
Is bímis ag ól,
A' pléiḋe le mná óga
'S a' rinnce le ceól,
Mar ní mise an Boc Seó
Do ċruinnios an t-ór,
Dá bailiú go fíor-boċt
Is daoin' eile dá ól,

(Eóġan Ruaḋ Ó Súilleabáin, file)




Dá mb' agam an ḟaluing ní ṫiúrṫainn do'n Muiṁneaċ í
Aċ ṫiúrṫainn do'n scaṫfaire cóireóċ' broc mín uirṫe.

Fóġnaim an ḟaluing, is iomḋa daṫ daor uirṫe,
Tá duḃ agus dearag, glas-uaiṫne 'gus buiḋe innte.

Croiḋe cráiḋṫ' ar a' ḃfalluingín! cé gur beag suaraċ í
'S tapaiḋ do leagfaḋ sí fear spuir agus buataisí.

Dá mb' agam an ḟaluing ní ṫiúrṫainn do'n ṗíobair' í
'S cúirse do ċraiṫfinn mar asair féin' ċaoiriḃ í.

Faluing ar ḟaluing sí'n ḟaluingín Muiṁneaċ í (fó ṫrí)
Faluing ċrua ċasta 's nár ċaille sí coiḋċ' an bruṫ!


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

## BRAĊAN LOM




(Ó) ṫosuiġ Beite ' scríobaḋ leite leis a' gcleite ganndail
Ṫosuiġ Beite ' scríobaḋ leite leis a' gcleite ganndail
Ṫosuiġ Beite ' scríobaḋ leite leis a' gcleite ganndail
Ṫuit a' cleite síos sa leite 's ṫosuiġ Beite ' dannsaḋ.

*Luinneóg* : Braċan tana, ⁊rl.





Is táid siad 'na mbrógaiḃ gleóite deas
Clutar compórdaċ 's ṫar meón le teas
Níorḃ' ḟearra ḋuit clúṁ mar ċneastaċt féd'
ḃúnn
Ná peiḋre breáġ cúmṫa 'cu súd ḃeiṫ ort.
Agus ó ḃean a' tiġe a ḃfuil buaireaṁ ort.

Tá cneasú na milṫ' aicíd ion-ta
Do sgaipṫeaḋ gan ṁoill liaṫ-ḃuiḋe nó triuċ
Do ċuirṫeaḋ ċun fáin crampaí 'gus fuaċtáin
'S mórán h-eile ge'ránta ná h-áir'im ḋuit
Agus ó ḃean a' tiġe a ḃfuil buaireaṁ ort.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

## 21 Ó ḟill a ḃruinneall




Cá h-iongnaḋ mé léanṁar faoi ċráḋ, faoi ċráḋ,
Agus tusa i gcéin uaim, a ġráḋ, a ġráḋ,
Gleann Cuilinn ḃí ceólṁar, anois ċím faoi ḃrónḃrat
'S mar ḃliain ḟada ḋómsa gaċ lá, gaċ lá
Is mar ḃliain ḟada ḋómsa gaċ lá, gaċ lá
Gleann Cuilinn ḃí ceólṁar anois ċím faoi ḃrónḃrat
'S mar ḃliain ḟada ḋómsa, gaċ lá, gaċ lá.

Arís dá ḃfeicinn tú, a rún, a rún,
Fé m' ḋéin a' tarraint ḋot' ḋeóin, ḋot' ḋeóin,
Ḃeaḋ gileaċt a' tsaṁra san ngeiṁreaḋ gan aṁras
'S mo ċroí ḃeaḋ a' daṁsa go sóġaċ, go sóġaċ,
'S mo ċroí ḃeaḋ a' daṁsa go sóġaċ, go sóġaċ,
Ḃeaḋ gileaċt a' tsaṁra san ngeiṁreaḋ gan aṁras
'S mo ċroí ḃeaḋ a' daṁsa go sóġaċ, go sóġaċ.

(Cuan Ḃéil Innse)




Mo ċiaċ, mo ċúirse, m'aċtuirse, mo iarsma duḃaċ is
m'aindeise,
Beiṫ riaṁ mar ċúis mo ṁairḃne mo ċás boċt féin;
Mo ċuid éadaiġ ċuṁdaiġ scarṫa liom, ḃí déanta cúmṫa
ceartuiġṫe
'S do ṫriall ṫar triúċ ó Ṡasana, mar ḃláṫ féin' ḋéin.

[Tuille ar a ċúl seo.


Imṫiġṫe 'sa ḃfarraige de ḃárr an ṡcéil,
Tuille de 'san lasair 's mé go sáṁ tré m' néall;
Ba ċruaġ le các ar maidin mé go buarṫa cásṁar ceasnaiṫeaċ,
'S an fuaċt do ċráiḋ im' ballaiḃ mé, gan snáṫ ón spéir.

'Sé súd an niḋ do ċealg mé, is d'ḟág mé buarṫa 'm' aigne
Nuair a ċínn an fuadar fearṫanna gaċ lá 'sa' spéir;
Neart gaoiṫe 'dtuaiḋ is anaiṫe 's an síon ró-ṁór gan aga 'r biṫ
Na teinte luaṫa 's lasraċa agus scáil na gcaor.
Nuair luiġeaḋ an uain ar sneaċta' ċur, 's ar ġálaiḃ tréan',
Ar feaḋ dosaen uair gan aṁarca le faġáil ar an ngréin;
Gurab' í oiḋċe ḟuar na peanaide do líon go mór de ġalar mé
D'ḟúig suím gan suan im' leabaiḋ mé go tnáiḋte i bpéin.

Dá siúluiġinn Éire 's Alba, an Ḟrainnc, an Spáinn is Sasana
Is fós arís dá n-abarainn gaċ páirt faoi'n ngréin;
Ní ḃfaġainn an oiread leaḃarṫa b'ḟearr eólas ná ḃí agam-sa,
'S ba ṁó ḃí ċun mo ṫairḃe, cé táid ar strae.
Mo creaċ! mo ċuṁa! 'n-a n-easnaṁ súd do fágaḋ mé,
'S is mór an cúrsa mairḃne, 's an cás liom é.
Mallaċt Dé 's na h-Eaglaise, ar an gcarraig ġránna ṁallaiṫe
Do ḃáiḋ an long gan anaiṫe, gan ġála, gan ġaoṫ.



Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól



Bím-se 'stoiḋċe 'g ól Is bím sa ló im' leaba 'S



bíonn mo ċroí á ḋóġ' Nuair bíonn mo ṗócaí dealgḃ



Rílum Realum Ró Rílum Rólum Realum



Rílum Realum Ró Ṁo ċóitín ċópaċ dear(a)g.

Tá mo stocaí 'dtiġ an óil,
'S mo ḃróga 'dtiġ a' leanna,
Mo ḃá a dul 'un ṗón',
'S gan aoinne ċun a gcasaḋ.
Rílum, Reálum, Ró, ⁊rl.
—(ó Oileán Cléire).


## Poirtín : Mo Ṁada Beag



Uċ! uċ! mo ṁada beag, Uċ! uċ! mo ṁada beag, Tá



piaċán in mo sceadamán a' sceairtiġ ar mo ṁada beag.




Uċ! uċ! mo ṁada beag, Uċ! uċ! mo ṁada beag, Tá



piaċán in mo sceadamán a' sceairtiġ ar mo ṁada beag.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Níorḃ annaṁ mé tamall san taḃ-air-ne traoċta
'Oir sgata geal-ḃéiṫe is caraḃais óil
Teagasg na n-Aiṫireaċ n-aiṫeantaċ naoṁṫa
Ní ṫagaḋ im' ḃréiṫriḃ aċ magaḋ 'gus móid
A nglacainn de raċtmas ón seaċtain go céile
Do scaipinn gan staonaḋ ar aicme luċt ceóil
Ḃíoḋ meanmna ar m'aigne 's aiteas 'á n-éisteaċt
Is ní ċreidinn ó éinneaċ go mb'ḟeaRR leigin dóiḃ.

Glacaḋ gaċ faraire fearúil faoḃraċ
A ċarann na béiṫe 's a leanann an t-ól
Mo ṫeagasc-sa feasta go gasta le céile
'S ní h-eagal ḃeiṫ aosṁar do'n easba go deó :
Snaḋṁaḋ le mascalaċ ṁaisiúil ṁaorḋa
Ḃéas cartannaċ caoṁnaċ modaıl leanabaċ sóġaċ ;
Seaċnaḋ sé dramanna 's caismirt ar aonaċ
Is ná creideaḋ aoinne go mb'ḟeaRR leigin dóiḃ.

(Le h-Eoġan Ruaḋ Ó Súileaḃáin.)

# Is Aṫtuirseaċ Géar




Le barra mo ġéag ní léir dom scrí'
'S im' ṫeangain, mo léan, níl Béarla cruinn
Ní blasta mo ṫéacs i nGaeḋilg ċaoin.
Le n-a ṁoltainn mo ḃé, pé 'n-Éirinn í,
Pé 'n-Éirinn í, ó . . . . ró . . pé 'n-Éirinn í.

Ag casaḋ gaċ ḃéarsa a béal is binn,
'S is cailce deas saor mion néata 'a cír,
A reaṁ-ar rosg réiḋ glas réaltaċ rinn,
Lé'r cealgaḋ mé, pé 'n-Éirinn í,
Pé 'n-Éirinn í, ó . . . . ró . . pé 'n-Éirinn í.


Dá ḃfeiceaḋ Mac Éason laoġ mo ċroí
Sul ar taistil Meḋé-ia i gcéin 'na luing
An lomura ṫréigṫeaḋ sé 'sa tsliġe
Le taiṫneaṁ don ḃé, pé 'n-Éirinn í,
Pé 'n-Éirinn í, ó . . . . ró . . pé 'n-Éirinn í.

Ó cailleaḋ le Hélen, féaċ, mac Priam
Is Sampson le Déla ṁaorga ṁín
Ná déanaiḋ-se éaċt tar éis sin díom
Má tuitim lem' ḃé, pé 'n-Éirinn í,
Pé 'n-Éirinn í, ó . . . . ró . . pé 'n-Éirinn í.

(Eoġan Ruaḋ Ó Súilleaḃáin, File).


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól


## A ṠAIĠDIÚIRÍN, A ĊROÍ




A ṡaiġdiúirín, a ċroí, will you marry, marry me ?
Le haiġ, nó le hó, nó le bualaḋ an drum.
A ċailín ḃig mo ċroí, conus a pósṫainn-se tú ?
Is gan piuc de'n léine 'gam, a ċuirṫinn orum.
Do ċuas go dtí an siopa ab'ḟearr a ḃí ann,
Is do ċeannuíos-sa léine do mo ṡaiġdiúirín ann.
Is a ṡaiġdiúirín, a ċroí, will you marry, marry me ?
Le haiġ, nó le hó, nó le bualaḋ an drum.

Mar a ċéile do na béarsaí eile ag luaḋaḋ baill éadaiġ agus ceárdaiḋṫe eile. Nuair ḃí gaċ aon níḋ ḃí uaiḋ fáġta aige d'ḟreagair sé mar seo :—

A ċailín ḃig mo ċroí, conus a pósṫainn-se tú,
Agus bean agus clann agam ar a' ḋtaoḃ eile
'n srut ?




Dá bfáinn-se ráiṫe nó mí nó ḋó
Raċainn san áit naċ mbeaḋ orum tóir
Raċainn ṫart amaċ síos go Plámérd Muiġeó
'S ní ḃeaḋ mo ruball tráṫnóna 'ge Frínseaċ Tíġe Róin.

Ḃí tú 'nnsin ċeana 's b'olc a' ċóṁursa tú ann
Ḃí tú ró-ḃeaḋaí le dúil in sa bfeóil
Maruiġṫeá na laċain is géaḋḃaí go leór
Is d'ḟág sin mná tíre a' síor-ṡileaḋ deór


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Is óg 's is óg a ċuir mé dúil i ngreann,
Do ḋéanṫainn súgraḋ le mo ruan ar ḟaill,
Níl baile cuain ar biṫ á ngluaisinn ann,
Naċ bḟuinn maiġdean óg ḋeas a ṡiúlṫaḋ
liom.


Brón ar an ḟarraige mar' sí tá mór,
Sí tá 'goil eadar mé 's mo ṁíle stór,
D'ḟág sí ar an mbaile seo mé a' déanaḋ bróin,
'S gan aon tsúil ċarta 'gam a ċoiḋċ' níos mó.

Scairt mé aréir ag a' doras ṫall,
Scairt mé arís ar mo ġrá go teann,
Sé duḃairt a deaidí liom naċ raiḃ sí ann,
Gur éalui' sí 'réir leis an mbuaċaill fionn.

Ṡiúil mé soir agus do ṡiúil mé siar,
Ṡiúil mé Corcai' agus Bail' Áṫ' Cliat,
Ṡiúil mé an baile seo faoi ḋó le bliain,
A d'iarrai' mo stóirín, bain díom mo ċiall.

Ḃí ceaṫrar is fiċe 'cu ar aon rainc aṁáin,
B'í mo ḃean ṫéin acu an ḃean a b'ḟeárr,
Tá blas na meala uirṫi is an balaḋ breáġ,
Sí an pósaí áluinn í tá doilí' 'ḟáil.

Is truaġ naċ bḟuil mé 's mo ṁíle grá,
San áit nár ḃaoġal dúinn a ċoiḋċe an bás,
I gCúige Ċonnaċt nó i gConndae an Ċláir,
Nó ar bórd luinge 'triall ar Ṁeiriceá.




Lá Nodlag beag cuireaḋ deire leis a' saoire
'S do scaoileamar ár ngaḋair go meanmnaċ
meiḋreaċ
Amaċ fé's na garḃ-ċnuic ḃí tarrac ar a' Reynard
'S ó tuaiḋ ċun Luimne 'seaḋ tug sé agaiḋ air

'San Fol ⁊rl.

Do ḃí na Paoraiġ ó Ċeapaċ Cuinn ann
Is Artúr Russell ó'n mḂántír ann
Ḃí na Faoitiġ ó Ḃeanntraiġe ann
Is Róidí Arthur agus dream póilí ann

'San Fol ⁊rl.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

Ḃí Mister Wolfe ann ó Ṁóin Éile
’Gus Morgan Rattler ’na ḋiaiḋ ar saoṫar
Ó Ṁáġ Cromṫa ḃí Hedges agus Grainger
’S Captaen Ḃull is gan snáṫ ḋá léin’ air
’San Fol ⁊rl

Ḃí Mister Jeffers ann ó Árd Ḋrom
Is Cormac Colthurst ó Ċaisleán na Ḃlárnan
Ó Ċarraig na ḃFear ḃí Carthy Spáinneaċ
Is Colonel Oliver ó Ċill Eiḋneán ann
’San Fol ⁊rl.

Ḃí gaḋair Ṫaiḋg Wallace ó Ċarraig an Ḟéic ann
Is cú Ṡeáin Barrett ’na ḋiaiḋ ar séirse
Gaḋair Tiġearna Massey is gaḋair na mḂuilṫéarac
Is gaḋair Lord Kingston ó Ḃaile Ṁistéala
’San Fol ⁊rl.

I mḂarra Sliaḃ a’ Ḋaingin ḃíoḋ an gearra’ ’cu le ċéile
Ċun Cill na Mullaċ agus Ḃaile Ṁóin Éile
Amaċ sa talaṁ ġarḃ ḃíoḋ na capaill ar a dtraoċaḋ
Is ċífeá marcaiġ treasgarṫa ṫar ḃrádaiḃ a ċéil’ ann
’San Fol ⁊rl.

Nuair a ċuamar ar a’ dtalaṁ ḃí i mbarra Claise Muaire
D’iompuiġ sé ’r a’ gcalaiṫ mar ar stadadar na h-uaisle
Ar a ċasaḋ ḋo sa ḃfarraige ḃí na gaḋair a’ teaċt suas leis
Is tally ho ag Cnáid is é a’ snáṁ tríd a’ mór-ṁuir
’San Fol ⁊rl.

Do ṫairig sé leis na h-áird ó ṫuaiḋ sinn
Ċun Aḃa Tiġe ’n Uain is ċun calaiṫ Ḋroma Muaire
Aníos Ceapaċ Ċuinn is trí ṡráid na Leasa Muaire
’Gur ċuireamar i dtalaṁ é i mḂarra Sliaḃ Luaċra
’San Fol ⁊rl.




Naċ breáġ í mo ḃáidín a' snáṁ ar a' gcuan
Óró mo ċuraiċín ó
'Sna céaslaí á dtarraingt go láidir 's go ciúin
Óró mo ḃáidín.

Naċ éaċtaċ a léimreaċ ṫar tonntraċa árd'
Óró mo ċuraiċín ó
'Snaċ éadtrom í iompar aníos ṫar an tráiġ.
Óró mo ḃáidín.

Naċ lúṫṁar í iomraṁa soir agus siar
Óró mo ċuraiċín ó
A sárú ní ḃfuiġ' tú ó Árann go Cliar.
Óró mo ḃáidín.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

# Poirtín : Daṁsa na gCoiníní




Leis an gceól céadna :

I

I mbasa ná ḋéantaiḋ, ná ḋéantaiḋ, ná ḋéantaiḋ,
I mbasa ná ḋéantaiḋ do ḃladar an gnó,
I mbasa ná ḋéantaiḋ, ná ḋéantaiḋ, ná ḋéantaiḋ,
I mbasa ná ḋéantaiḋ gan céad gini óir (I.)
A Ḃrigḋín Seáin Óig (II.)

III


Dóbair go gcaillṫinn é, gcaillṫinn é, gcaillṫinn é,
Dóbair go gcaillṫinn é, ṫuas ar a gcnoc,
Dóbair go gcaillṫinn é, ṫáinig an sneaċta air
Dóbair go gcaillṫinn é 's mé baint na mbroḃ

IV

I mbasa ná tiúḃrainn, ná tiúḃrainn, ná tiúḃrainn,
I mbasa ná tiúḃrainn mo leanḃ ar c'róin
I mbasa ná tiúḃrainn ná tiúḃrainn, ná tiúḃrainn,
I mbasa ná tiúḃrainn ná ar céad gini óir.

V

Cad do ḋéantainn a n-ao' ċor dá bpóstainn saiġdiúir
Cad a ḋéantainn 'ar nḋó' aċ an gunna ḃreiṫ liom
Cad a ḋéantainn dá mbeireóċ' an citeal tar ḃruaċ
Cad a ḋéantainn aċ tuille ḋe'n uisge ċur leis.





A's cá mbeiḋ cruinniú na féinn'
  Ars' an Seann-Ḃean Ḃoċt
A's cá mbeiḋ cruinniú na féinn'
  Ars' an Seann-Ḃean Ḃoċt
Ċíos ar ḃántaiḃ leaṫan-réiḋe
Cois Ċilldara ġráḋṁar féiṁ
Pící glana 's claiḋṁte faoḃair
  Ars' an Seann-Ḃean Ḃoċt.

A's a ḃfaiġmíd fós ár saoirse
  Ars' an Seann-Ḃean Ḃoċt
A's a ḃfaiġmíd fós ár saoirse
  Ars' an Seann-Ḃean Ḃoċt
Beimíd saor 'dir ḃun is craoḃ
Beimíd saor ó ṫaoḃ go taoḃ
Saor go deo le caḃair na naoṁ
  Ars' an Seann-Ḃean Ḃoċt.


Cóip-ċeart 1930 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

# BÉIḊ AONAĊ AMÁIREAĊ

(Luinneóg ó Spidéal na Gaillimhe)




(ii) Tá inġean agam agus tá sí óg, (3)
Is tá sí 'ngráḋ le gréasaiḋe bróg.. (luinneóg)


(iii) B'feárr liom féin mo ġréasaiḋe bróg, (3)
Ná oifigeaċ airm faoi'n a lásaí óir. (luinneóg)

(iv) Níl tú aċ a deiċ nó a h-aon déag fós, (3)
Nuair a ḃéiḋ tú'n trí déag, béiḋ tú mór. (luinneóg)

(v) Tá mé 'ngrá le gréasaiḋe bróg (3)
'S mara ḃfaġa mé é ní ḃéiḋ mé beó.

(luinneóg deiriḋ)
Béiḋ aonaċ amáireaċ i gConndae an Ċláir, (3)
Agus duairt mo ġréasaiḋe go mbéaḋ sé ann.

[ó Ḟearnṁuiġ agus ó'n Rinn]




Má ṗósann tú an fiġeadóir, is tusa ḃéas a' caoineaḋ
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Beiḋ céad luiġ laiġ ag an uġaim ḋá sgaoileaḋ
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Beiḋ tú 'n do ṡuiḋe go dtiġe meaḋon-oiḋċe
A síor-ḋóġ' na gcoinneal is a' crónán faoi'n íneaḋ
Ba ċóir go mb'ḟearr ḋuit mise, agus ceól binn na píbe.
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!

Má ṗósann tú an táilliúir, is tusa ḃéas a' caoineaḋ
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Beiḋ sop i mbéal a' doruis, mar ḃéaḋ mada 's carnán
aoiliġ. 'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Coinneó' sé 's a' mbord ṫú go dtige meaḋon-oiḋċe
A' síor-ḋóġ na gcoinneal 's a' creimineál na bpíosaí
Ba ċóir go mb'ḟearr ḋuit mise, agus ceól binn na píbe.

Má ṗósann tú an t-iasgaire, beiḋ agat gan aon ḟear
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Tógfa sé na seólta, maidin Dé h-Aoine
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Beiḋ tú in do ṡuiḋe go dtige meaḋon oiḋċe
'S má ḃíonn aon stoirm ann ní ċasfa sé a ċoiḋċe
Ba ċoir go mb'ḟearr ḋuit mise, agus ceól binn na píbe.

Má ṗósann tú an tinncéir, ní ḃeiḋ agat aċ straoille
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Ġeóḃa tú uaiḋ an t-eólas ṫar bóiṫrí na tíre
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Cuirfe sé 's na builg ṫú ó ṁaidin go dtí 'n oiḋċe
A' síor-ċur píosaí ar ṫóin sean-ċaintíní
B'ḟearra ḋuitse mis' agat is ceól binn na píbe.

Aċ má ṗósann tú an píobaire, beiḋ agat an ríġ-ḟear
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Ġeoḃa tú marcuiḋeaċt ag margaiḋ 's ag aontaiḃ (í)
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!
Imireó' sé port duit ar iompó na raolaiġ (í)
A ṫógfaḋ an ceó 'gus an brón duḃ de t'intinn
Cuirfe sé i n-óige ṫú in áit a ḃeiṫ i n-aois duit
'Sa ṁuirnín dílis, 'ḟaoileann ó!


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




II.


A ċailín ḃig óig a ḃfuil náipí ort (3)
A' ḋul go na Mionna 's do ṁáilín ort.

III.

Nár ċéiġeadsa a ḃaile go bpósfar ṫu (3)
Is go gcuirtear a ḃaile in do ċóirte ṫú.

Is a ċailín ḃig óig, ⁊rl.


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




O ċuir mé sgéala ċuicí go gceannó'inn bád dí
'Sé an sgéal a ċuir sí ċugam naċ suiḋfead sí ag ceann
ráṁa. Dúlamán na Binne Buiḋe, ⁊rl.

O ċuir mé sgéala ċuicí go gceannó'inn long dí
'Sé an sgéal a ċuir sí ċugam naċ raċad sí i gcontaḃairt

Goidé rug ċusa 'na tíre seo ? arsa' dúlamán Gaeḋ'laċ
Ag suirġe le do niġin, arsa' dúlamán Maoraċ.

A Niġean ṁín ó! sín anall na fir ḟuirġe.
A ṁáṫair ṁín ó! cuir mo roiċleán go dtí mé.

Ċan ḟaġann tú mo niġean, arsa' dúlamán Gaeḋ'laċ
Maire, fuadó' mé liom í, arsa' dúlamán Maoraċ.

Tá ceann buiḋe óir ar a' dúlamán Ġaeḋ'laċ
Tá dá ċluais ṁaol' ar a' dúlamán Maoraċ.

Tá bróga breaca dúḃa ar a' dúlamán Ġaeḋ'laċ
Bairead agus triúḃas ar a' dúlamán Ġaeḋ'laċ.

Raċamuinn 'nan luḃair leis a' dúlamán Ġaeḋ'laċ
Ceannó'd bróga daor' ar a' dúlamán Ġaeḋ'laċ.

Dúlamán na binne buiḋe, dúlamán a' tsléiḃe,
Dúlamán na fairrge a's dúlamán a' déidiġ.





B'ḟearra liom, b'ḟearra liom, b'ḟearra liom, b'ḟeárr liom
Tuitim de ċapall is é 'n lán-ċosanáirde,
Ná ceangal le cailín, go maireann a máṫair
Ar eagala teangan na sean-ċaillíġe gránda.

M' anamsa, duidearó, dillín ó déaró (3)
Bog do ċos, ċorr do ċos, déanaimís rinnce.

## DROIĊIDÍ

Droiċidí ṁairḃ mé, Droiċidí ṁ(e)ill mé
Droiċidí ṁairḃ mé, 's ċuir sa ċ(e)ill mé
Cúpala siolla 'gus cúpala t(e)impeal
Cúpala siolla de'n t "Seanaċaor' Aḋarcaċ."


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól





Beiḋ rinnce 'gainn,
Beiḋ rinnce 'gainn,
Beiḋ rinnce 'gainn Dé Doṁnaiġ;
Beiḋ rinnce 'gainn,
Cois taoiḃ a' ċnuic,
Is an cailín deas am' ċeannta.

(Le cuṁaḋ).

Ḃíos-sa i ngráḋ le cailín deas,
Ḃíos i ngráḋ gan daḃt léi,
Ḃíos-sa i ngráḋ le cailín deas,
Gur sciob duin' éigin uaim í.

(Aċ) Beiḋ ríl againn,
Beiḋ ríl againn,
Beiḋ ríl againn Dé Doṁnaiġ;
Beiḋ ríl againn
Cois taoiḃ a' ċnuic,
Is spéirḃean eile am' ċeannta.

(Aliter: Béiḋ Cáit againn ⁊rl, beiḋ Síle ⁊rl.)




Is táilliúir 's is gaba é, 's is printéar maiṫ leaḃar é,
Doṁnall na Gréine,
Ċúmfaḋ sé ḃeurla,
Bórd agus leabaiḋ do ḋéanaḋ go tapaiḋ,
Nó brísde breáġ néata
De ċroiceann na gcaorać.

Níl aon ḃean i gCorca' ná raiḃ leis i gcumann,
Cailíní óga,
Singil is pórta,
Dá mbréagaḋ 's dá meallaḋ 'dir sé lá na seaċtain',
Le bladar is bréaga
Eaċtraiṫe is scéalta.

[*Lean amaċ*

Dob ḟada a léim reaṫa 's ba ḃreáġ a ḃuille bata
In aimsir an éigin sciúrsálfaḋ sé céad fear.
A ṡaṁ-ail de ḟear é le Luġaiḋ Láṁḟada,
Le Alastrum Tréanṁar nó Harcules Gréagaċ.

Ḃí capall is fiċe a' dul go Cill Coinniġ
Le Doṁnall na Gréine, Doṁnall na Gréine
Do briseaḋ an carra is ṫuit ins an laṫaiġ ann
Doṁnall na Gréine, Doṁnall na Gréine.


Bíonn Dóṁnall ar meisge 's a ḃean ag ól uisge
'S na leinḃ ag béiciġ, na leinḃ ag béiciġ
Bíonn Doṁnall ar meisge 's a ḃean ag ól uisge
'S na páisdí ag béiciġ, na páisdí ag béiciġ.

Ċuaiḋ sé ag imirt is ḃuaiḋ sé sa ċluiṫċe,
Doṁnall na Gréine, Doṁnall na Gréine,
Ċuala sé'n fuaillhliú 's duairt sé naċ ḃfillfeaḋ sé
Doṁnall na Gréine, Doṁnall na Gréine.

(Luinneóg deiriḋ)

D'ólfaḋ sé a dtuillfead sé is dá mbeaḋ a ṫuill' aige,
A ċóta 's a léine, a ċóta sa leine,
Le méid a ṁisniġ do ṡáruiġ sé mairneann.
Sin agaiḃ a ṫréiṫe, Doṁnall na Gréine.


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Cá'l mar ḃéarṫá céile ḋom, san éiricín bó ruan ó?
Cuimín fíġeadóir ḃéarṫainn duit, 's cead réitiġ'
leis na h-uġaim ó.
Ní ċaiṫinn spól a ċoiḋċe ḋó,
'S ní sníoṁfainn áḋḃar brísce ḋó.
Siuḃ'l is fáiġ mo ċéile ḋom, san éiricín bó ruan ó.

Cá'l mar ḃéarṫá céile ḋom, san éiricín bó ruan ó?
Cóilín Gréasaí ḃéarṫainn duit, is péire bróga nua leis.
Ní smearṫainn ciar ar ruaḋóig ḋó,
Ní ṗiocṫainn ċoiḋċe guairí ḋó.
Siuḃ'l is fáiġ mo ċéile ḋom, san éiricín bó ruan ó.

[*Lean amaċ*


Cá'l mar ḃéarṫá céile ḋom, san éiricín bó ruan ó?
Ciarán Gaḃ' a ḃéarṫainn duit, a ḋéanṫaḋ láiḋe 's sluasaid
Naċ ḃféadṫá béile réiteaċ ḋó.
'S an teine ṁór a ḟéideaḋ ḋó.
Naċ ndéanṫá féin an méid sin dó, san éiricín bó ruan ó.

Cá'l mar ḃéarṫá céile ḋom, san éiricín bó ruan ó?
Seán a' tSléiḃe ḃéarṫainn duit, is mionnán gaḃair is uan leis.
Is buaċaill bó 'gus caoraċ é
is saoṫruí maiṫ i n-aon ḃall é
Is cébí bean a ḃréagas é go n-éaga sí go luaṫ ó.

Cá'l mar ḃéarṫá céile ḋom, san éiricín bó ruan ó?
Stiofán Píobaire ḃéarṫainn duit, sé ċasṫaḋ port is tiún ó.
Is ceóltóir cliste Gaelaċ é
'S is daiṁseóir maiṫ ar aonaċ é
Is má's mé féin a ḃréagas é go maire sinn go buan ó.


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól

# ṪUIT AN T-ÍM.




Dá ḃfeicfeá Peig is Nóra
A' siuḃal an róid Dé Saṫ'rain,
Ḃí Peig a' sileaḋ deór,
'S níor ċaise do Nóra, geallaim díḃ.

Ṫuit an t-ím, an t-ím,
Ṫuit an t-ím i Luimine',
Ṫuit an t-ím, an t-ím,
Is d'éiriġ sé 'rís i gCorcaiġ ċuġainn.


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




'S náċ iomḋa bó is bulán i nGleann Ċuilinn ag mo ġráḋ. 'S óró agus, ⁊rl.

Tá saiḃreas ag mo ḃuaċaillín is tiocfaiḋ sé roiṁ lá.

Dá mbéaḋ 's aige an ḟírinne ní ḃacfaḋ leat go bráṫaċ.

Is breáġ é teaċ mo ḃuaċaillín, a ṡáruġaḋ níl le faġáil.

Níor ċleaċtuiġ tú aċt boṫán fód 's poll deataiġ in a lár.

Muire oiḋreaċ ar do ṫeangaiḋ, i lár an tSaṁraiḋ ḃreáġ.

Ó mo ċruaiġ go deó an duine sin a raċaḋ leat i bpáirt.

An té nár ġlac do leiṫide náċ air a ḃí an t-áḋ.

Oċ duine a' biṫ a ḃreaṫnóċ ort 'sé d'ḟeicfeaḋ an mí-áḋ.


Aċ a dtiġe páiṫ' an Earraiġ beiḋ mé pósta le mo ġráḋ.

Ní call duit ḃeiṫ ċoṁ cinnte dóirtear cupán is é lán.

'Se an t-aṫair Pat a ḋéanas é mé ṗósaḋ le mo ġráḋ.


Is beag a ḃéas dá ḃárr aige aċ fataí tora 's bláṫaċ.

Beiḋ sluaiġte ag mo ḃainis agus mairfe sé trí lá.




Stocaí buiḋe coiseanna 's cosa buiḋe Ḋiarmuda,
'S ḃeirt ḟada slíoċta ar bolg ḃuiḋe Ḋiarmuda,
Bríste gan ḃásta fé ċóta mór Ḋiarmuda
Agus buataisí árda ó ċaṫair Ḃ'le Áṫa Cliaṫ aige.


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Níl crann insa gcoill nár lúb a ḃun ċuig a ḃárr.
Níl breac ar a' linn nár ċionntuiġ isteaċ ar a' tráiġ,
Níl sagart sa ḃFrainnc nár ḋiúltuiġ Aifreann
do rá,
Nuair a ċuala siad sgéal faoi Ṗéarla deas a' tSléiḃ
Ḃáin.

Téanam ag ól nó go n-ólaimíd súġlaċ den leann,
'S a ḃfuil den aos óg gan pósaḋ tagaidís ann.
Beiḋ cróin ar a' diġe agus íocṫa na fir as na
mná,
Is beiḋ gní orm féin is ar Ṗéarla deas a' tSléiḃ'
Ḃáin.

Ó céad faraor géar níl éadaċ orm ná bláṫ,
Ná mo ġearráinín aeraċ a ḃéaraḋ mis' in aon áit,
Go B'leá Cliaṫ na dtéarmaí má ṫéiġim ní ḟillṫead
go bráṫ,
Agus bíoḋ a roġ' céile ag Péarla deas a' tSléiḃ Ḃáin.




Ceannóḋ trumpa ceóil
Sin is trumpa maiḋe
Go mbréagṫa mé bean óg
Agus ḃéaraḋ liom aḃail' í.

Oċ de taḃ ral aḃ, etc.


Ceannóḋ báidín seóil
Sin is capall maiḋe
Beiḋmuid ar a' ród
Síos 's aníos go Gaillí'.

Oċ de taḃ ral aḃ, etc.

Raċamuid un seóil
Is gaḃfamuid go Gaillí'
Daṁsó'ḋ Rocky Roads
All the ways aḃaile.

(*Máirtín a' Ċualáin*)


Cóip-ċeart 1940 ag Colm Ó Loċlainn idir focla agus ceól




Cuirṫead-sa ċugat an searaḃán seóil,
Tomáisín Ṗeadair an tuaṫalán óg.
Cuirṫimid síos go Poll na Dríb' é,
Crios don tuiġ' air is léine róin,
Ar mullaċ na Sgeilpe Deilgniġe Droiġniġe,
'S míle dealg go dteiġe 'na ḃeó.

Cuirṫead-sa ċugat an searaḃán seóil,
Diarmuid Ó Rodaiġ a ṫoġfainn gan stró.
Cuirṫimid síos go táḃairne 'n ḟíon' é,
Crios don tríod' air is léine nó,
Barra mo ṁéar le barra a ṁéar,
Is sonuaċar séiṁ ag mo ċumann 's mo stór.